



Uimhir 14 de 1991

An tAcht Uchtála, 1991
[An tiontú oifigiúil]



Uimhir 14 de 1991

AN tACHT UCHTÁLA, 1991

[An tiontú oifigiúil]

RIAR NA nALT

Alt

1. Mínithe.
2. Uchtálacha coigríche a rinneadh in áit ina raibh sainchónaí ar na huchtaitheoirí.
3. Uchtálacha coigríche a rinneadh in áit ina raibh cónaí leanúnach ar na huchtaitheoirí.
4. Uchtálacha coigríche a rinneadh in áit ina raibh gnáthchónaí ar na huchtaitheoirí.
5. Uchtálacha coigríche i gcás gnáthchónaí sa Stát a bheith ar na huchtaitheoirí.
6. Clár na nUchtálacha Coigríche.
7. Orduithe ón Ard-Chúirt i ndáil le taifid i gClár na nUchtálacha Coigríche.
8. Measúnachtaí ag boird sláinte agus ag cumainn uchtála chláraithe.
9. Cruthú ar uchtálacha a dhéantar lasmuigh den Stát.
10. Cáilitheacht le go ndeonófaí ordú uchtála.
11. Leasú ar alt 8 den Phríomh-Acht.
12. Gearrtheideal, comhlua agus forléiriú.

NA hACHTANNA DÁ dTAGRAÍTEAR

An tAcht Uchtála, 1952	1952, Uimh. 25
An tAcht Uchtála, 1964	1964, Uimh. 2
An tAcht Uchtála, 1974	1974, Uimh. 24
Na hAchtanna Uchtála, 1952 go 1988	
An tAcht Sláinte, 1970	1970, Uimh. 1



Uimhir 14 de 1991

AN tACHT UCHTÁLA, 1991

[An tiontú oifigiúil]

ACHT DO DHÉANAMH SOCRÚ CHUN AITHEANTAS A THABHAIRT D'UCHTÁLACHA ÁIRITHE A DHÉANTAR LASMUIGH DEN STÁT, DO LEASÚ AGUS DO LEATHNÚ NA nACHTANNA UCHTÁLA, 1952 GO 1988, AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ BREISE I nDÁIL LEIS NA NITHE RÉAMHRÁITE. [30 Bealtaine, 1991]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

1.—San Acht seo—

Mínithe.

ciallaíonn “ordú uchtála” ordú faoi alt 9 den Phríomh-Acht;

ciallaíonn “an Bord” an Bord Uchtála;

ciallaíonn “bord sláinte” bord sláinte a bhunaítear faoin Acht Sláinte, 1970;

ciallaíonn “an Chúirt” an Ard-Chúirt;

ciallaíonn “uchtáil choigríche” uchtáil linbh a bhí, ar an dáta a ndearnadh an uchtáil, faoi bhun 21 bliain d’aois nó, i gcás gur tar éis thosach feidhme an Achta seo a rinneadh an uchtáil, a bhí faoi bhun 18 mbliana d’aois, agus a rinneadh lasmuigh den Stát ag duine nó daoine faoi réim agus de réir dhlí na háite mar a ndearnadh an uchtáil agus a mbeidh na coinníollacha seo a leanas comhlíonta i ndáil léi:

- (a) go bhfuarthas, nó gur ligeadh thar ceal, faoi dhlí na háite mar a ndearnadh an uchtáil, toiliú gach duine leis an uchtáil a n-éilítear, faoin dlí sin, a thoiliú leis an uchtáil a fháil nó a ligean thar ceal,

- (b) go bhfuil go bunúsach an éifeacht dhlíthiúil chéanna ag an uchtáil maidir le cearta agus dualgais tuismitheora a fhoirceannadh agus a chruthú i leith an linbh san áit mar a ndearnadh an uchtáil agus atá ag uchtáil a dhéantar le hordú uchtála,
- (c) gur éilíodh, de réir dhlí na háite mar a ndearnadh an uchtáil, fiosrúchán a dhéanamh, a mhéid ab fhéidir, i dtaobh na n-uchtaitheoirí, an linbh agus na dtuismitheoirí nó an chaomhnóra,
- (d) gur éilíodh, de réir dhlí na háite mar a ndearnadh an uchtáil, ar an gcúirt nó ar an údarás nó ar an duine eile lena ndearnadh an uchtáil, sula ndearnadh amhlaidh, aird chuí a thabhairt ar leasanna agus ar shochar an linbh,
- (e) nach bhfuair na huchtaitheoirí, agus nach ndearna siad ná nár thug siad, ná nár chuir siad faoi deara go ndearnadh ná gur tugadh, aon íocaíocht ná luaíocht eile (seachas aon íocaíocht a rinneadh go réasúnach agus go cuí i dtaca leis na socruithe a dhéanamh faoi chomhair na huchtála) mar chomaoín ar an uchtáil ná nár chomhaontaigh siad déanamh amhlaidh,

agus forléireofar “uchtaitheoir” agus “leanbh uchtaithe” dá réir sin;

ciallaíonn “an tAire” an tAire Sláinte;

ciallaíonn “áit” tír nó aon cheann de na dlínsí seo a leanas, is é sin le rá, Sasana agus an Bhreatain Bheag, Albain, Tuaisceart Éireann, Oileán Mhanann agus Oileáin Mhuir nIocht nó, i ndáil le tír ina bhfuil, i gcúrsaí uchtála, dhá chóras dlí nó níos mó i bhfeidhm in aonaid chríche éagsúla, aon cheann de na haonaid chríche;

ciallaíonn “an Príomh-Acht” an tAcht Uchtála, 1952;

ciallaíonn “an Clár” Clár na nUchtálacha Coigríche a bhunaítear faoi alt 6 den Acht seo.

Uchtálacha coigríche a rinneadh in áit ina raibh sainchónaí ar na huchtaitheoirí.

2.—(1) Aon uchtáil choigríche (cibé acu a rinneadh an uchtáil roimh thosach feidhme an Achta seo nó dá éis) a rinneadh in áit, nó a aithnítear faoi dhlí áite, ina raibh sainchónaí ar cheachtar de na huchtaitheoirí nó orthu araon ar an dáta a ndearnadh an uchtáil measfar, mura mbeadh sé in aghaidh polasaí phoiblí go measfaí amhlaidh, go ndearnadh an uchtáil sin le hordú uchtála bailí arna dhéanamh ar an dáta sin.

(2) An t-alt seo agus ailt 3, 4 agus 5 den Acht seo is ailt iad atá in ionad aon rialach dlí a dhéanann foráil le haghaidh aitheantais d'uchtálacha a dhéantar lasmuigh den Stát.

3.—Aon uchtáil choigríche (cibé acu a rinneadh an uchtáil roimh thosach feidhme an Achta seo nó dá éis) a rinneadh in áit, nó a aithnítear faoi dhlí áite, ina raibh cónaí leanúnach ar cheachtar de na huchtaitheoirí nó orthu araon ar an dáta a ndearnadh an uchtáil measfar, mura mbeadh sé in aghaidh polasaí phoiblí go measfaí amhlaidh, go ndearnadh an uchtáil sin le hordú uchtála bailí arna dhéanamh—

Uchtálacha coigríche a rinneadh in áit ina raibh cónaí leanúnach ar na huchtaitheoirí.

(a) ar an dáta sin, nó

(b) ar an tosach feidhme sin,

cibé acu is déanaí.

4.—Aon uchtáil choigríche (cibé acu a rinneadh an uchtáil roimh thosach feidhme an Achta seo nó dá éis) a rinneadh in áit, nó a aithnítear faoi dhlí áite, ina raibh gnáthchónaí ar cheachtar de na huchtaitheoirí nó orthu araon ar feadh tréimhse bliana amháin ar a laghad dar chríoch an dáta a ndearnadh an uchtáil measfar, mura mbeadh sé in aghaidh polasaí phoiblí go measfaí amhlaidh, go ndearnadh an uchtáil sin le hordú uchtála bailí arna dhéanamh—

Uchtálacha coigríche a rinneadh in áit ina raibh gnáthchónaí ar na huchtaitheoirí.

(a) ar an dáta sin, nó

(b) ar an tosach feidhme sin,

cibé acu is déanaí.

5.—(1) Aon uchtáil choigríche (cibé acu a rinneadh an uchtáil roimh thosach feidhme an Achta seo nó dá éis), seachas uchtáil a shonraítear in alt 2, 3 nó 4 den Acht seo measfar, mura mbeadh sé in aghaidh polasaí phoiblí go measfaí amhlaidh, go ndearnadh an uchtáil sin le hordú uchtála bailí arna dhéanamh—

Uchtálacha coigríche i gcás gnáthchónaí sa Stát a bheith ar na huchtaitheoirí.

(a) ar an dáta a ndearnadh an uchtáil, nó

(b) ar an tosach feidhme sin,

cibé acu is déanaí, más rud é, agus más rud é amháin—

- (i) gur daoine iad na huchtaitheoirí a bhaineann leis na haicmí daoine a bhféadfaí, de bhua alt 10 den Acht seo, ordú uchtála a dhéanamh ina bhfabhar,
 - (ii) go raibh gnáthchónaí sa Stát ar na huchtaitheoirí ar an dáta a ndearnadh an uchtáil, agus
 - (iii) (I) i gcás go ndearnadh an uchtáil roimh an lú lá d'Aibreán, 1991, gur dhearbhaigh an Bord i scríbhinn go raibh sé deimhin de gur daoine iad na huchtaitheoirí a bhféadfaí, de bhua an ailt sin 10, ordú uchtála a dhéanamh ina bhfabhar, nó
 - (II) i gcás go ndearnadh an uchtáil an lú lá d'Aibreán, 1991, nó dá éis, gur dhearbhaigh an Bord i scríbhinn roimh an dáta a ndearnadh an uchtáil—
 - (A) go raibh sé deimhin de gur daoine iad na huchtaitheoirí a bhaineann leis na haicmí daoine a bhféadfaí, de bhua an ailt sin 10, ordú uchtála a dhéanamh ina bhfabhar, agus
 - (B) (ag féachaint do thuarascáil ón mbord sláinte ar ina limistéar feidhme a bhí gnáthchónaí ar na huchtaitheoirí tráth na measúnachta, nó ó chumann uchtála cláraithe, i dtaobh measúnachta i leith na nithe dá dtagraítear in alt 13 den Phríomh-Acht i ndáil leis na huchtaitheoirí a sheol an bord nó an cumann, de réir mar a bheidh) go bhfuil sé deimhin de i ndáil leis na huchtaitheoirí maidir leis na nithe dá dtagraítear san alt sin 13.
- (2) D'ainneoin aon ní i bhfo-alt (1), má rinneadh uchtáil choigríche an lú lá d'Aibreán, 1991, nó dá éis, agus roimh an lú lá d'Iúil, 1991, agus go raibh iarraidh i scríbhinn faighte ag an Aire Dlí agus Cirt ó na huchtaitheoirí roimh an lú lá sin d'Aibreán, 1991, ag lorg gealltanais i scríbhinn arna sheoladh chucu maidir le leanbh is ábhar d'uchtáil choigríche a rinneadh ina bhfabhar a ghlacadh isteach sa Stát, measfar, mura mbeadh sé in aghaidh polasaí phoiblí go measfaí amhlaidh, go ndearnadh an uchtáil sin le hordú uchtála bailí arna dhéanamh—

(a) ar an dáta a ndearnadh an uchtáil, nó

- (b) ar thosach feidhme an Achta seo,
- cibé acu is déanaí, más rud é, agus más rud é amháin—
- (i) gur thug an tAire Dlí agus Cirt gealltanas den sórt sin mar a dúradh,
 - (ii) gur daoine iad na huchtaitheoirí a bhaineann leis na haicmí daoine a bhféadfaí, de bhua alt 10 den Acht seo, ordú uchtála a dhéanamh ina bhfabhar,
 - (iii) go raibh gnáthchónaí sa Stát ar na huchtaitheoirí ar an dáta a ndearnadh an uchtáil, agus
 - (iv) go ndearbhaíonn an Bord i scríbhinn go bhfuil sé deimhin de gur daoine iad na huchtaitheoirí a bhaineann leis na haicmí daoine a bhféadfaí, de bhua an ailt sin 10, ordú uchtála a dhéanamh ina bhfabhar.
- (3) (a) Féadfaidh na huchtaitheoirí nó an leanbh uchtaithe i ndáil le huchtáil choigríche, nó aon duine eile a bhfuil leas aige san ábhar, iarratas a dhéanamh chuig an mBord chun dearbhú a dhéanamh faoi mhír (iii)(I) d'fho-alt (1) nó faoi fho-alt (2) (iv) den alt seo i ndáil leis na huchtaitheoirí, agus más deimhin leis an mBord gur iomchuí déanamh amhlaidh ag féachaint d'fhorálacha na bhfo-alt sin, déanfaidh sé an dearbhú.
- (b) Duine nó daoine lena mbaineann an fo-alt sin (1) agus a mbeidh iarratas déanta aige nó acu, nó a mbeidh beartaithe aige nó acu iarratas a dhéanamh, chun uchtáil choigríche a dhéanamh ina fhabhar nó ina bhfabhar, féadfaidh sé nó siad, sula ndéanfar an uchtáil, iarratas a dhéanamh chuig an mBord chun dearbhú a dhéanamh faoi mhír (iii)(II) den fho-alt sin (1) i ndáil leis an duine nó leis na daoine, agus más deimhin leis an mBord gur iomchuí déanamh amhlaidh ag féachaint d'fhorálacha an fho-ailt sin, déanfaidh sé an dearbhú.
- (c) Déanfaidh duine a bheidh ag déanamh iarratais chuig an mBord faoin bhfo-alt seo cibé faisnéis a chur ar fáil don Bhord a éileoidh an Bord go réasúnach agus beidh an fhaisnéis i cibé foirm (más ann) a bheidh sonraithe.
- (d) Doiciméad a airbheartóidh a bheith ina chóip, agus a bheith deimhnithe ag oifigeach don Bhord mar chóip dhílis, de dhearbhu den sórt sin a dúradh—

(i) is fianaise a bheidh ann ar na fíorais a bheidh luaite ann, agus

(ii) eiseoidh an Bord é chuig aon duine ar iarratas uaidh chuig an mBord chuige sin.

(4) Chun críocha an ailt seo, duine a ndearnadh uchtáil choigríche ina fhabhar aon tráth roimh thosach feidhme an Achta seo agus nár bhaintreach é ná máthair ná athair an linbh uchtaithe ná gaol dó, measfar gur duine é a bhféadfaí, de bhua alt 10 den Acht seo, ordú uchtála a bheith déanta ina fhabhar ar an dáta a ndearnadh an uchtáil choigríche.

(5) Aon dearbhú faoi fho-alt (1)(iii)(II) den alt seo beidh sé sainráite nach bhfuil feidhm aige ach amháin, agus ní bheidh feidhm aige ach amháin, i ndáil le huchtáil a dhéantar i gcaitheamh na tréimhse 12 mhí ó dháta déanta an dearbhaithe nó cibé tréimhse is faide ná sin a dhéanfaidh an Bord, ar iarratas chuige sin chuige ó na daoine lena mbaineann i gcaitheamh na tréimhse 12 mhí a dúradh, agus ar é a bheith deimhin de go bhfuil sé réasúnach agus cuí déanamh amhlaidh, a fhormhuiniú ar an dearbhú.

Clár na nUchtálacha
Coigríche.

6.—(1) Déanfaidh an Bord clár (ar a dtabharfar Clár na nUchtálacha Coigríche) a bhunú agus a chothabháil.

(2) (a) Más rud é, ar iarratas chun an Bhoird chuige sin, i ndáil le huchtáil a dhéantar lasmuigh den Stát, ar iarratas é ón duine ab ábhar don uchtáil nó ó dhuine a d'uchtaigh duine de bhun na huchtála nó ó aon duine eile a bhfuil leas aige san ábhar, gur deimhin leis an mBord—

(i) gur uchtáil choigríche an uchtáil lena mbaineann alt 2, 3 nó 4 den Acht seo, nó

(ii) gur uchtáil choigríche an uchtáil lena mbaineann alt 5 den Acht seo,

ansin, déanfar taifead sa Chlár i leith na huchtála mura rud é (i) gcás lena mbaineann clásal (II) d'alt 5(1)(iii) den Acht seo) gur deimhin leis an mBord go bhfuil na himthosca iomchuí chomh hathraithe sin ó dháta an dearbhaithe faoin gclásal sin nach mbeadh sin cuí, ag féachaint d'alt 13 den Phríomh-Acht agus d'alt 10 den Acht seo.

(b) Má ordaíonn an Chúirt amhlaidh faoi alt 7 den Acht seo, déanfar taifead sa Chlár maidir le huchtáil choigríche shonraithe.

(3) Beidh aon taifead sa Chlár i cibé foirm, agus beidh ann cibé sonraí, a fhorordófar le rialacha arna ndéanamh faoi alt 5 den Phríomh-Acht.

(4) Déanfaidh duine a bheidh ag déanamh iarratais chuig an mBord faoin alt seo cibé faisnéis a thabhairt don Bhord a éileoidh an Bord go réasúnach agus beidh an fhaisnéis i cibé foirm (más ann) a bheidh sonraithe ag an mBord.

(5) Féadfar earráid i dtaifead sa Chlár a cheartú agus, má ordaíonn an Chúirt amhlaidh, déanfar ceartú sonraithe sa Chlár.

(6) Más deimhin leis an mBord go ndearnadh uchtáil, a bhfuil taifead i ndáil leis sa Chlár, a chur ar ceal, a neamhniú nó a chur faoi deara é a chur ar neamhniú ar shlí eile faoi réim agus de réir dhlí na háite mar a ndearnadh an uchtáil nó má ordaíonn an Chúirt amhlaidh faoi alt 7 den Acht seo i ndáil le taifead sa Chlár, cealófar an taifead.

(7) Doiciméad a airbheartóidh a bheith ina chóip, agus a bheith deimhnithe ag oifigeach don Bhord mar chóip dhilis, de thaifead sa Chlár—

(a) is fianaise é gur uchtáil choigríche an uchtáil lena mbaineann sé agus go meastar leis an Acht seo go ndearnadh an uchtáil le hordú uchtála bailí a rinneadh ar an dáta a shonraítear sa chóip, agus

(b) eiseoidh an Bord é chuig aon duine ar iarratas uaidh chuig an mBord chuige sin agus ar cibé táille a íoc aige leis an mBord a bheidh sonraithe ag an mBord le toiliú an Aire,

agus déanfar aon cheanglas den dlí chun deimhniú breithe a thabhairt ar aird a chomhlíonadh tríd an doiciméad sin a thabhairt ar aird.

(8) Beidh feidhm ag alt 20 den Phríomh-Acht maidir le hiarratas faoi fho-alt (2) den alt seo mar atá feidhm aige maidir le hiarratas ar ordú uchtála fairis an modhnú go dtarchuirfidh an Bord aon cheist i ndáil le

polasaí poiblí a éireoidh as iarratas den sórt sin chuig an Ard-Chúirt lena cinneadh agus fara aon mhodhnú eile is gá.

Orduithe ón Ard-Chúirt i ndáil le taifid i gClár na nUchtálacha Coigríche.

7.—(1) Más rud é, ar iarratas chun na Cúirte chuige sin ag duine a fhéadfaidh iarratas a dhéanamh chun an Bhoird faoi alt 6 (2) den Acht seo, gur deimhin leis an gCúirt gur choir taifead a dhéanamh sa Chlár maidir le huchtáil nó gur choir taifead a chealú sa chlár maidir le huchtáil nó gur chóir ceartúchán a dhéanamh i dtaifead sa Chlár, féadfaidh an Chúirt, le hordú, de réir mar is iomchuí—

(a) a ordú don Bhord a chur faoi deara go ndéanfar taifead sonraithe sa Chlár,

(b) a ordú don Bhord a chur faoi deara go ndéanfar an taifead lena mbaineann sa Chlár a chealú, nó

(c) a ordú don Bhord ceartúchán sonraithe a dhéanamh sa Chlár.

(2) Má dhiúltaíonn an Chúirt ordú a thabhairt faoi mhír (a) d'fho-alt (1) den alt seo nó má thugann sí ordú faoi mhír (b) den fho-alt sin, measfar nach ndearnadh an uchtáil lena mbaineann le hordú uchtála bailí.

(3) (a) Féadfaidh an Chúirt a ordú go ndéanfaidh an duine a bheidh ag déanamh iarratais faoin bhfo-alt sin (1) fógra i dtaobh an iarratais sin a thabhairt do cibé daoine eile (lena n-áirítear an tArd-Aighne agus an Bord) a chinnfidh sí agus féadfaidh sí, uaithi féin nó ar iarratas chuici chuige sin ag an duine lena mbaineann nó ag páirtí sna himeachtaí i ndáil leis an iarratas faoin bhfo-alt sin (1), duine ar bith a chur mar pháirtí leis na himeachtaí sin.

(b) Féadfaidh an tArd-Aighne, uaidh féin nó má iarrann an Chúirt amhlaidh, gan é a bheith curtha mar pháirtí leis na himeachtaí i ndáil le hiarratas faoin bhfo-alt sin (1), aighneachtaí a dhéanamh chuig an gCúirt i ndáil leis an iarratas.

(4) Má chinneann an Chúirt amhlaidh, éistfear imeachtaí faoin alt seo ar shlí seachas go poiblí.

8.—(1) Má dhéanann duine nó daoine a bhfuil gnáthchónaí air nó orthu i limistéar feidhme boird sláinte a iarraidh amhlaidh ar an mbord sláinte sin, chun críocha alt 5(1)(iii)(II) den Acht seo, déanfaidh sé, a luaithis is féidir—

Measúnachtaí ag boird sláinte agus ag cumainn uchtála chláraithe.

(a) measúnacht ar an duine nó ar na daoine maidir leis na nithe dá dtagraítear in alt 13 den Phríomh-Acht agus ullmhóidh sé tuarascáil i scríbhinn i dtaobh na measúnachta agus tarchuirfidh sé an tuarascáil chuig an mBord, nó

(b) a shocrú go ndéanfaidh cumann uchtála cláraithe measúnacht den sórt sin agus go n-ullmhóidh sé tuarascáil den sórt sin i ndáil leis an measúnacht agus tarchuirfidh sé an tuarascáil chuig an mBord.

(2) Más rud é—

(a) ar iarraidh ó dhuine nó ó dhaoine, chun críocha an ailt sin 5(1)(iii)(II), nó

(b) de bhun socraíochta faoi fho-alt (1) den alt seo,

go ndéanfaidh cumann uchtála cláraithe measúnacht ar dhuine nó ar dhaoine maidir leis na nithe dá dtagraítear san alt sin 13, ullmhóidh sé tuarascáil i scríbhinn i dtaobh na measúnachta agus tarchuirfidh sé í, i gcás lena mbaineann mír (a) den fho-alt seo, chuig an mBord, agus, i gcás lena mbaineann mír (b) den fho-alt seo, chuig an mbord sláinte lena mbaineann.

(3) Ar dhearbhu a dhéanamh faoin alt sin 5(1)(iii)(II), déanfaidh an Bord cóip den tuarascáil lena mbaineann faoi fho-alt (1) nó (2) den alt seo a chur ar fáil don duine nó do na daoine is ábhar don dearbhú agus do dhuine ar bith san áit mar a mbeartaítear an uchtáil lena mbaineann a dhéanamh a bhfuil leas aige san ábhar.

(4) Feidhmeanna boird sláinte faoi fho-alt (1) den alt seo is feidhmeanna iad de chuid phríomhoifigeach feidhmiúcháin an bhoird nó duine a ghníomhaíonn mar leas-phríomhoifigeach feidhmiúcháin de chuid an bhoird de réir alt 13 den Acht Sláinte, 1970.

9.—(1) (a) Doiciméad a bheidh fíordheimhnithe go cuí agus a airbheartóidh a bheith ina chóip den doiciméad lena ndearnadh uchtáil lasmuigh den Stát measfar gan a

Cruthú ar uchtálacha a dhéantar lasmuigh den Stát.

thuilleadh cruthúnais gur cóip dhílis é den doiciméad mura léireofar a mhalairt agus beidh sé inghlactha mar fhianaise ar an uchtáil.

(b) Doiciméid a bheidh fíordheimhnithe go cuí agus a airbheartóidh a bheith ina gcóipeanna de na doiciméid lena ndearnadh uchtáil lasmuigh den Stát measfar gan a thuilleadh cruthúnais gur cóipeanna dílse iad de na doiciméid mura léireofar a mhalairt agus beidh siad inghlactha mar fhianaise ar an uchtáil.

(2) Doiciméad a airbheartóidh a bheith ina chóip de dhoiciméad nó de cheann de na doiciméid lena ndearnadh uchtáil lasmuigh den Stát measfar, chun críocha an ailt seo, é a bheith fíordheimhnithe go cuí má airbheartaíonn sé—

(a) séala na cúirte nó an údaráis eile nó an duine nó na ndaoine a d'eisigh nó a d'fhorghníomhaigh é a bheith air, nó

(b) a bheith deimhnithe—

(i) ag duine ina cháil mar bhreitheamh nó mar oifigeach de chuid na cúirte sin nó ina cháil mar an t-údarás sin nó mar chomhalta den údarás sin nó oifigeach dó, nó

(ii) ag an duine nó ag na daoine a d'eisigh nó a d'fhorghníomhaigh é.

(3) (a) Féadfaidh an tAire le rialacháin foráil a dhéanamh i ndáil le cruthú ar uchtálacha a dhéantar lasmuigh den Stát agus féadfaidh na rialacháin foráil éagsúil a dhéanamh maidir le háiteanna éagsúla agus cineálacha éagsúla uchtálacha.

(b) D'fhéadfadh gur mar bhreis ar fhorálacha fho-ailt (1) agus (2) den alt seo nó gur in ionad na bhforálacha sin a bheadh aon fhorálacha rialachán faoin bhfo-alt seo agus féadfaidh siad na forálacha sin a leasú.

(4) Má dhéantar uchtáil in áit lasmuigh den Stát, toimhdeofar, go dtí go léireofar a mhalairt, go ndearnadh í faoi réim agus de réir dhlí na háite sin.

10.—(1) Faoi réir fho-alt (2) den alt seo, ní dhéanfar ordú uchtála mura rud é— Cáilitheacht le go ndéanfaí ordú uchtála.

(a) gur lánúin phósta atá ina gcónaí le chéile na hiarratasóirí, nó

(b) gurb í máthair an linbh nó gurb é athair an linbh nó gur gaol don leanbh an t-iarratasóir, nó

(c) gur baintreach nó baintreach fir an t-iarratasóir.

(2) D’ainneoin fho-alt (1) den alt seo, más deimhin leis an mBord, i gcúinsí áirithe an cháis, gurb inmhianaithe é, féadfar ordú uchtála a dhéanamh i bhfabhar iarratasóra nach duine a shonraítear i mír (b) nó (c) d’fho-alt (1) den alt seo.

(3) Faoi réir fho-alt (1) (a) den alt seo, ní dhéanfar ordú uchtála le go ndéanfaidh níos mó ná duine amháin leanbh a uchtáil.

(4) Ní dhéanfar ordú uchtála le go ndéanfaidh iarratasóir atá pósta leanbh a uchtáil d’éagmais thoiliú chéile an iarratasóra (a thabharfar i cibé slí a chinnfidh an Bord) mura rud é—

(a) go gcónaíonn an lánúin ar leithligh óna chéile—

(i) faoi fhoraithne idirscartha *a mensa et thoro*, nó

(ii) faoi fhoraithne idirscartha bhreithiúnaigh, nó

(iii) faoi ghníomhas idirscartha,

nó

(b) go mbeidh an t-iarratasóir tréigthe ag an gcéile nó gurb é is toradh le hiompar an chéile an t-iarratasóir d’fhágáil an chéile sin, ar chúis mhaith, agus cónaí scartha agus ar leithligh uaidh.

(5) Ní dhéanfar ordú uchtála mura rud é—

(a) go bhfuil 21 bliain d’aois slánaithe ag an iarratasóir agus, más lánúin phósta na hiarratasóirí, acu beirt, nó

(b) gur lánúin phósta na hiarratasóirí agus gurb í máthair an linbh nó gurb é athair an linbh, nó gur gaol don leanbh, duine acu agus go bhfuil 21 bliain d’aois slánaithe ag ceachtar acu.

(6) Ní dhéanfar ordú uchtála mura rud é go bhfuil gnáthchónaí sa Stát ar an iarratasóir nó ar na hiarratasóirí agus go raibh cónaí amhlaidh air nó orthu i gcaitheamh na bliana dar críoch dáta an ordaithe.

(7) Aisghairtear leis seo alt 11 den Phríomh-Acht, alt 5 den Acht Uchtála, 1964, agus alt 5 den Acht Uchtála, 1974.

Leasú ar alt 8 den Phríomh-Acht.

11.—(1) Leasaítear leis seo alt 8 den Phríomh-Acht trí na fo-ailt seo a leanas a chur in ionad fho-ailt (2) agus (5):

“(2) Cathaoirleach agus 8 ngnáthchomhalta a bheidh ar an mBord.

(5) Féadfaidh an Bord gníomhú d’ainneoin folúntas amháin nó níos mó a bheith ina chomhaltas.”.

(2) D’ainneoin mhír 2(1) den Chéad Sceideal a ghabhann leis an bPríomh-Acht, déanfar an bheirt a cheapfar i dtosach, de bhua an leasaithe ar alt 8 den Phríomh-Acht a dhéantar leis an alt seo, chun bheith ina gcomhaltaí den Bhord, a cheapadh go ceann cibé tréimhse dar críoch an 29ú lá d’Eanáir, 1993, a chinnfidh an Rialtas.

Gearrtheideal, comhlua agus forléiriú.

12.—(1) Féadfar an tAcht Uchtála, 1991, a ghairm den Acht seo.

(2) Féadfar na hAchtanna Uchtála, 1952 go 1991, a ghairm de na hAchtanna Uchtála, 1952 go 1988, agus den Acht seo le chéile.

(3) Forléireofar na hAchtanna Uchtála, 1952 go 1988, agus an tAcht seo le chéile mar aon ní amháin.